C/2024/6835

11.11.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Samhain 2024

lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024

(C/2024/6835)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

– glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2024 go cinntitheach an 22 Samhain 2023 ([2]);

– thíolaic an Coimisiún togra, an 10 Deireadh Fómhair 2024, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2024;

– ní mór don Chomhairle dul ar aghaidh gan mhoill lena seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2024, d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh go práinneach (a) leibhéal na leithreasuithe íocaíochta a mhéadú do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), lena n-áirítear i ndáil leis an athchlárú a bhaineann leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), (b) riachtanais na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) a thabhairt cothrom le dáta, agus é á chur san áireamh nach dtabharfar roinnt comhaontuithe agus na prótacail ghaolmhara i gcrích in 2024, (c) na leithreasuithe a mhéadú, agus iad nasctha leis na meastacháin is déanaí chun an luach saothair faoi cheannteideal 7 agus lasmuigh de a thabhairt cothrom le dáta i gcás roinnt gníomhaireachtaí díláraithe, (d) coigeartú a dhéanamh ar ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), leis an Údarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC), leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), (e) leithreasuithe Oifig na bhFoilseachán a laghdú tar éis meaisínaistriúchán a thabhairt isteach agus (f) gné ioncaim an bhuiséid a thabhairt cothrom le dáta. Dá bhrí sin, tá údar le foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ón tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Rinneadh an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 a ghlacadh an 5 Samhain 2024.

Tá an téacs iomlán ([3]) le fáil le haghaidh comhairliúcháin nó le híoslódáil ó shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/public-register-search/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.

([1]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.
([2]) IO L, 2024/207, 22.2.2024.
([3]) 14477/24 + ADD 1.